Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2013**

# Stair

## Aonad Measúnaithe A2 2

**[AH221]**

**DÉ CÉADAOIN 22 BEALTAINE, IARNÓIN**

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair **dhá** cheist as do rogha. Freagair ceist 1 agus ceist 2. Tá rogha i gceist 2.
Taispeáin go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cad é an rogha a rinne tú.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 70 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **2**.
Fiosrú stairiúil atá sa pháipéar seo.
Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur chóir go dtaispeánfadh a bhfreagraí an tuiscint acu ar cad é mar a léirmhíníodh an t-am atá thart agus ar cad é mar a léiríodh é ar dhóigheanna difriúla.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Freagair ceist **1 agus** ceachtar acu **2(a)** nó **2(b)**

## Rogha 4: Críochdheighilt na hÉireann 1900−1925

## Roinn A Fiosrú Stairiúil: measúnú agus anailís foinsí

Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann:

**Fás Shinn Féin 1916−1918**

### Foinse 1

Sliocht as óráid le John Dillon, Leascheannaire Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann, do Theach na dTeachtaí, 26 Feabhra 1917. Tá sé ag caint faoi fhás ghluaiseacht Shinn Féin in Éirinn.

> Le bliain go leith anuas, tá Rialtas na Breataine in Éirinn ag cruthú lucht Shinn Féin ina ndeicheanna de mhílte. Tá an tír curtha ar mire aige, agus anois ní éistfidh ár ndaoine leis an réasún. Tá meon ár lucht tacaíochta truaillithe inár n-éadan mar gheall ar rannpháirtíocht ár bpáirtí i gcainteanna Lloyd George anuraidh, agus deir siad linn nach féidir linn muinín a chur i státairí na Breataine a thuilleadh. Cuirtear i gcuimhne dúinn gur ball den Chomhrialtas é Sir Edward Carson anois, duine a rinne maíomh tráth go ndéanfadh sé éirí amach in éadan an Rialtais Dúchais. Na fir óga atá ag dul isteach i Sinn Féin ina mílte, creideann siad gurb é an fórsa an t-aon argóint a thuigeann an rialtas. Deir siad linn, dá ngníomhódh ár bPáirtí ar dhóigh níos láidre, bheimis in áit níos fearr ná mar atá muid faoi láthair. Tá ár bPáirtí gafa idir réabhlóid na hÉireann ar thaobh amháin agus baicle "Chaisleán Bhaile Átha Cliath" ar an taobh eile.

### Foinse 2

Sliocht as doiciméad le Diúc Atholl, dar teideal *Tuarascáil ar Staid Reatha na hÉireann, go háirithe maidir leis an Choinscríobh (Report on the Present State of Ireland, especially with regard to Conscription)*, 29 Aibreán 1918. Ba iad an Príomhaire, David Lloyd George, agus an Oifig Cogaidh a d'iarr ar Atholl an tuarascáil rúnda seo a scríobh.

> De réir cosúlachta, tá Éire go dlúth in éadan an choinscríofa ón tuaisceart go dtí an deisceart. Fiú dá mbrúfá an coinscríobh ar na daoine, ba mhó an dochar ná an mhaith a dhéanfadh earcaigh dá leithéid don arm, agus níorbh fhiú an trioblóid iad. Leis an mheon atá ag na daoine anseo faoi láthair, tá dearmad déanta acu ar an dúil a bhí acu Rialtas Dúchais a bhaint amach. Deir ceannairí Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann gur theip an rialtas orthu. Bhí siad ag déanamh a ndíchill Sinn Féin a throid agus bhí trí cinn d'fhothoghcháin bainte acu in Ard Mhacha Theas, i gCathair Phort Láirge agus i dTír Eoghain Thoir. Ansin, go tobann, gan comhairliú a dhéanamh leo, thug an rialtas an coinscríobh isteach. Cé go bhfuil laghdú mór tagtha ar thionchar Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann, creideann sé go fóill gur an páirtí ceannasach a bheas ann san fhadtéarma.


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**Foinse 3**

Sliocht as Russell Rees, *Ireland 1900 –1925*, arna fhoilsiú in 1998. Tá Rees ag caint faoi fhás Shinn Féin idir 1916 agus 1918.

> Ba é de Valera a dhréachtaigh an gealltanas in aghaidh an choinscríofa ar thacaigh na náisiúnaithe uilig leis in Aibreán 1918. Bhí Sinn Féin in éadan an chogaidh ón chéad lá riamh, agus thug Pairtí Parlaiminteach na hÉireann tacaíocht don Bhreatain ní ba luaithe, rud a d'fhág go raibh sé nádúrtha go dtiontódh náisiúnaithe chuig Sinn Féin mar cheannairí sa chath in éadan an choinscríofa. Bhí measúlacht nua ag Sinn Féin fosta mar gheall ar an bhaint a bhí ag an Eaglais Chaitliceach leis an ghluaiseacht san fheachtas in éadan an choinscríofa. D'fhás tacaíocht Shinn Féin i ndiaidh "Chomhcheilg na Gearmáine". In ainneoin gur cuireadh cosc ar Shinn Féin in Iúil 1918, lean sé de bheith ag leathnú. Mealladh a lán comhaltaí úra le dul isteach sa ghluaiseacht agus d'eagraigh sé feachtas den fhrithbheartaíocht shíochánta in éadan riail na Breataine.

1 (a) **Bain úsáid as na foinsí uilig agus as do chuid eolais féin maidir leis an tréimhse seo.** Cé acu foinse ab úsáidí mar fhianaise do staraí atá ag déanamh staidéir ar fhás Shinn Féin sa tréimhse 1916 -1918? [15]

(b) **Úsáid na foinsí uilig agus aon fhianaise eile a ndearna tú staidéar uirthi.** Cé chomh mór agus atá na foinsí ag tacú leis an dearcadh gur tharla fás Shinn Féin sa tréimhse 1916-1918 mar gheall ar an mhíshásamh a bhí ar dhaoine le Páirtí Parlaiminteach na hÉireann? [20]

## Roinn B Fiosrú Stairiúil: Léirmhínithe

**2 Ceachtar acu**

**(a)** Cé chomh mór agus a d'éirigh leis na Liobrálaigh, an Páirtí Coimeádach, Pairtí Parlaiminteach na hÉireann agus Aontachtaithe Uladh a gcuspóirí polaitiúla a bhaint amach le linn ghéarchéim an Rialtais Dúchais go dtí Meán Fómhair 1914? Le tacú leis an fhreagra, bain úsáid as fianaise ábhartha ar a ndearna tú staidéar, ar a n-áirítear léirmhínithe comhaimseartha agus léirmhínithe a tugadh ina dhiaidh sin. [35]

**Nó**

**(b)** Cé chomh mór agus a d'éirigh le Conradh Angla-Éireannach 1921 cuspóirí Rialtas na Breataine agus cuspóirí Shinn Féin a bhaint amach? Le tacú leis an fhreagra, bain úsáid as fianaise ábhartha ar a ndearna tú staidéar, ar a n-áirítear léirmhínithe comhaimseartha agus léirmhínithe a tugadh ina dhiaidh sin. [35]


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers